



## Irish as a New Minor Subject

Details for 24/25

### **Cén fáth a Roghnóinn an Mionábhar Nua seo? (*Why take this New Minor Subject?*)**

An mbaineann tú taitneamh as Gaeilge a labhairt? An maith leat an Ghaeilge a scríobh is a léamh? Más mian leat barr feabhais a chur ar do chumas sna réimsí sin, seo an cúrsa duitse. Tá cáil ar fhoireann Roinn na Gaeilge sna goirt ina bhfuil siad ag obair mar scoláirí agus iad ag foilsiú leo go rialta. Chomh maith leis sin, tá an-cháil ar an Roinn as a bheith cairdiúil, rud a thaitníonn go mór lenár gcuid mac léinn. San iomlán, is geall le mionGhaelacht i lár na príomhchathrach sinn.

**Nearc eile eolais ar fáil** ag [https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/Gaeilge\\_Mion.ga.php](https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/Gaeilge_Mion.ga.php) nó ón Roinn (sonraí teagmhála thíos)

### **Céard a fhoghlaimoidh mé? (*What will I learn?*)**

Is trí mheán na Gaeilge a mhúinfeadh do chúrsa. Foghlaimoidh tú faoi gach gné den Nua-Ghaeilge: ón bhFiannaíocht sa 13ú haois go Máirtín Ó Cadhain agus Nuala Ní Dhomhnaill sa lá atá inniu ann. Cuirfidh tú go mór le do chumas i labhairt agus scríobh na Gaeilge, agus déanfaidh tú staidéar foirmiúil ar cheartúsáid na teanga. Caithfidh tú tréimhse sa Ghaeltacht mar chuid de do chúrsa. Tá liosta de na modúil féin ar fáil ag an suíomh atá luaite thuas.

### **Céard a dhéanfaidh mé? (*What will I do?*)**

Tá réimse an-leathan gairmeacha ag daoine a rinne Nua-Ghaeilge anseo. Ina measc tá cuid mhaith múinteoirí, iriseoirí (sna meáin Ghaeilge go háirithe) agus daoine le postanna eile sna meáin – teilifís, ceol, beochan, raidió agus an t-idirlíon. Tá borradh tagtha ar líon na ndaoine a fhaigheann postanna mar ateangairí agus aistritheoirí, cuid acu siúd thar sáile. Tá léachtóirí ollscoile agus leabharlannaithe againn chomh maith, agus iarmhíic léinn eile ag obair sa tseirbhís phoiblí, le gnó agus le margaíocht.

### **Conas a dhéanfar é seo a mheas? (*How will this be assessed?*)**

Déanfar na modúil sa teanga a mheas trí scrúdú scríofa, scrúdú béil agus ceachtanna baile. Déanfar na modúil litríochta a mheas, go ginearálta, trí aistí nó tascanna mar chuid de mheasúnú leanúnach.

### **Teagmháil (*Contacts*)**

Caoimhe ní Bhraonáin, riarthóir sa Roinn – [nibhraoc@tcd.ie](mailto:nibhraoc@tcd.ie) nó Eoin Mac Cárthaigh, Ceann na Roinne – [emaccart@tcd.ie](mailto:emaccart@tcd.ie). Buail isteach chuig seomra 4055 i mBloc na nEalaíon.